



Ná scríobh ar an leathanach seo.

(Don scrúdaitheoir amháin)

Marcanna in aghaidh na Roinne					Iomlán Reatha	Iomlán Dícheadaithe
Roinn A	Roinn B	Roinn C	Roinn D	Leathanaigh Bhreise		

Iomlán	
	<b>Iomlán Reatha:</b> (Roinn A – Leathanaigh Bhreise)
-	<b>Iomlán na Marcanna Dícheadaithe (B-D):</b>
=	<b>Marcanna Foriomlána a Bronnadh:</b>

## Treoracha

Scríobh d'uímhí iarrthóra agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás ar fáil le haghaidh obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Déan aon obair bhreise dá leithéid a lipéadú go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

Tá ceithre roinn sa pháipéar seo:

Roinn A	Miotas agus an Saol Laethúil	180 marc
Roinn B	Domhan Aichill, An Róimh – Léann Clasaiceach	180 marc
Roinn C	Laidin – Teanga Chlasaiceach	180 marc
Roinn D	Sean-Ghréigis – Teanga Chlasaiceach	180 marc

Déanfar an scrúdpháipéar seo a ghrádú bunaithe ar 360 marc san iomlán bronnta as **dhá** roinn:

- 180 marc as Roinn A
- agus**
- 180 marc as roinn amháin eile (B, C, **nó** D).

Ní mór do **gach** iarrthóir Roinn A: Miotas agus an Saol Laethúil a fhreagairt. Leathanach 4

- o Tabhair faoi gach ceist

Ní mór d'iarrthóirí ceann **amháin** de na trí roinn seo a fhreagairt:

- Roinn B: Domhan Aichill, An Róimh – Léann Clasaiceach Leathanach 17
  - o Tabhair faoi gach ceist

**NÓ**
- Roinn C\*: Laidin – Teanga Chlasaiceach Leathanach 26
  - o Tabhair faoi gach ceist

**NÓ**
- Roinn D: Sean-Ghréigis – Teanga Chlasaiceach. Leathanach 37
  - o Tabhair faoi gach ceist





\* I Roinn C, úsáideann na gluaiseanna foclóra na giorrúcháin a leanas:

f. = firinsneach      b. = baininsneach      n. = neodrach      iol. = iolra

**Ceist 1**

(a) Scríobh an t-eolas ceart sa tábla thíos i gcomhair déithe agus bandéithe a thaispeántar sna sé íomhá seo. Tá an chéad líne den tábla déanta duit.

Ról	Ainm Gréagach	Ainm Rómhánach	Uimhir na hÍomhá
Bandia an phósta agus na breithe	Héire	Iúnó	2
Bandia na cruithneachta agus an fhómhair			
Bandia an ghrá agus na háilleachta			
Dia na mara agus na gcapall			
Dia an fhíona agus na hamharclainne			
Dia na spéire agus na haimsire.			









### Ceist 3

Tá an sliocht thíos agus Íomhá A bunaithe ar an *Odaisé* le Hóiméar a insíonn scéal an laoi ch Ghréagaigh, Odaiséas, nuair a bhí sé ar a thuras abhaile i ndiaidh Chogaidh na Traí. Léigh an sliocht, déan staidéar ar Íomhá A agus freagair na ceisteanna a leanas.

Ar dtús, bhí ar Odaiséas a long a sheoladh thar na hollphéisteanna Scylla agus Cairíbdís. Ba ollphéist ollmhór í Cairíbdís a mhair ar ghrinneall na farraige agus a chruthaigh guairneáin lena gialla ollmhóra a oscailt agus le haon long ag scoitheadh thart a dhiúl síos. Ba chréatúr urghrána í Scylla a raibh cinn iomadúla uirthi. Dá seolfaí long ró-ghar do na haille áit a raibh cónaí uirthi, shínfeadh sí síos lena muiníl fhada agus sciobfadh sí mairnéalaigh ón deic. Bhí ar Odaiséas a long a stiúradh gar d'aillte Scylla ionas go seachnódh sé an scriosadh i nguairneán Chairíbdís.

Ar ócáid eile, d'iompaigh an fhuachaid Circé fir Odaiséis ina muca. Thug Heirméas druga d'Odaiséas ionas go mbeadh sé imdhíonach ar chumhachtaí draíochtúla Chircé. Nuair a rinne Circé iarracht Odaiséas a iompú ina mhuc, bhí iontas uirthi nuair nár oibrigh a draíocht. Bhagair Odaiséas uirthi ansin lena chlaíomh agus thug sé uirthi a chuid fear a chur ar ais ina riocht daonna.

Thug Circé rabhadh dó ansin go mbeadh air seoladh gar do na Síreanaí nuair a d'fhágfadh sé a hoileán. Ba chréatúir oilc sciathánacha iad a mhair san fharraige agus a chan amhráin áille do mhairnéalaigh ar longa ag gabháil thar bráid. Bhí an amhránaíocht chomh hálainn sin gur bh eol gur léim mairnéalaigh thar bord agus gur bádhdh iad fad a bhí siad ag iarraidh snámh chuig na Síreanaí. D'fhan cuid eile ar bord ach bhuaill siad carraigeacha agus chuaigh go tóin poill nuair a bhí siad ag stiúradh a loinge i dtreo an cheoil. Thug Odaiséas ar an gcriú a gcluasa a stopadh le céir ionas nach mbeadh siad in ann na Síreanaí a chloisteáil. Ansin dúirt sé lena chuid fear é féin a cheangal de chrann na loinge ionas go bhféadfadh sé a n-amhrán a chloisteáil ach nach bhféadfadh sé léim thar bord.



Íomhá A: radharc ón *Odaisé* ar phéintéireacht vása Ghréagach



Cosúlacht 3:

#### Ceist 4

Déanann an file Rómhánach Veirgil cur síos ar an mbanlaoch Camilla sa téacs seo. Léigh an téacs seo as *Aeinéid* Veirgil agus freagair na ceisteanna a leanas.

Ar deireadh thiar a tháinig Camilla,  
laoch maighdine na Volsci,  
ina ceann feadhna ar scuadrún marcra armúrtha le cré-umha.  
Ní dá lámha girsí an seol agus an ciseán olla.  
Ba bhean í a raibh seantaithí aici ar an gcogaíocht,  
tapa ar a cosa chun rith ar nós na gaoithe.  
D'fhéadfadh sí rith thar an aigéan agus  
gan cos a fhliuchadh sna tonnta riamh.  
Tháinig fir óga amach ó theach agus ó pháirc,  
agus tháinig máithreacha le stánadh uirthi nuair a d'imigh sí thar bráid.



Camilla







Trasghearradh de theach ársa sa tSean-Ghréig

(a) Meaitseáil **cúig** cinn ar bith de na téarmaí tithíochta seo ón tSean-Ghréigis agus ón Laidin lena sainmhínte. Scríobh uimhir an téarma sa bhosca taobh leis an sainmhíniú ceart.

1. andron 2. cubiculum 3. culina 4. domus 5. gynaikon 6. hortus 7. klinai 8. oikos

teach sa tSean-Ghréig

teach sa tSean-Róimh

seomra leapa

toilg

gairdín

cistin

ceathrúna fear

ceathrúna ban

(b) Luaigh focal nua-aimseartha bainteach leis an teach a thagann ó focal Sean-Ghréigise nó Laidine. Tig leat ceann de na téarmaí Sean-Ghréigise nó Laidine thuas a úsáid.

Focal nua-aimseartha:



Focal Sean-Ghréigise / Laidine:

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

(c) Minigh conas a bhaineann míniú na bhfocal a roghnaíodh le haghaidh pháirt (b) lena chéile.


### Ceist 6

Déan staidéar ar an **gceithre** íomhá seo de dhéantáin ailtireachta ón Impireacht Rómhánach. Freagair na ceisteanna ina ndiaidh.







## Ceist 7

Ar an mapa seo léirítear ainmneacha na n-áiteanna as ar tháinig **cúigear** carachtar san *Íliad*.  
Scríobh an logainm ceart in aice le hainm gach carachtair sa bhosca thíos.



Ainm an Charachtair	An Logainm
Aichill	
Agaiméamnón	
Meanalás	
Neastór	
Eachtar	

## Ceist 8

Críochnaigh na ceisteanna ilroghnacha seo faoi charachtair agus eachtraí san *Íliad* le Hóiméar. Cuir tic (✓) sa bhosca le do fhreagra a chur in iúl. Ná cuir tic ach i mbosca **amháin** le haghaidh gach ceist.

(a) Cén dia / bandia a thugann cabhair do na Traígh le linn an chogaidh?

Aitéiné

Apalló

Dinísias

(b) Cén tréith as a bhfuil an laoch Gréigeach Ajax aitheanta?

méid agus neart

gaois


luas

(c) Cén eachtra a thug ar Aichill dul ar ais sa chath?

óráid Neastór

bás Phatraclas

Briseis á gabháil ag Agaiméamnón



(d) Cé hí Hecuba?

máthair Héilin

laoch Amasónach

banríon na Traí

(e) Cé hiad mic Aitréas (na hAitréidigh)?

Agaiméamnón agus Meanalás

Páras agus Eachtar

Sarpedon agus Glaucus



## Ceist 10

Léigh an dá théacs seo as an *Íliad* le Hóiméar agus freagair na ceistanna ina ndiaidh.

### Téacs A: *Íliad*, Leabhar 3

Ansin tháinig Iris mar theachtaire chuig Héilin lámhbhán,  
agus í i bhfíor a deirféar chéile,  
bean chéile mhac Antenor, Héilicaon breá.  
Laodice ab ainm di, an iníon ab áille i measc iníonacha Phriam.  
Tháinig sí ar Héilin ina seomra,  
éadach mór á shníomh aici, fallaing chorcra dhúbailte,  
pictiúir á gcruthú aici den iliomad radharc catha  
idir Traígh chapallcheansaitheacha agus Acháianaigh faoi chré-umha,  
cogaí a d'fhulaing siad ar a son ag lámha Airéas.  
Ina seasamh in aice láimhe, dúirt Iris luathchosach:  
“Gabh i leith, a chailín chóir. Féach ar na rudaí iontacha atá ar siúl.”



Héilin

(a) Ainmnigh **dhá** bhuafhocal i dTéacs A.

Buafhocal 1:

Buafhocal 2:

(b) I do chuid focal féin, déan cur síos mion ar a bhfuil ar siúl ag Héilin i dTéacs A.


### Téacs B: *An Íliad*, Leabhar 22

Agus ghlaoigh Andromache ar fud na hallaí  
ar a hógmhná fionna le báisín ollmhór  
a chur thar na tinte, ionas go mbeadh folcadán te ann d'Eachtar,  
a fear céile a d'fhill ón gcath. An tsoineanta bhocht,  
níorbh eol di tada fós, níorbh eol gur fada ó fholcadáin leighis  
gur bhuail Aitéiní shúilghlé síos é  
ag lámh Aichill ghléasta.  
Ansin chuala sí scréacha cumha agus bróin ón túr,  
agus chrith a colainn, agus thit a spól ar an urlár.



Andromache





## Ceist 12

Úsáid an liosta téarmaí ailtireachta seo chun **cúig** ghné ailtireachta ar bith a lipéadú sna híomhánna thíos. Ní ceadmhach duit ach téarma **amháin** a scríobh sna boscaí thíos.

- áirse; mullach colúin; colún; cruinneachán; ceap; peidiméid; coirnis.

(a)

(b)

(c)

(d)




Teach Cúirte Chorcaí

(e)

(f)

(g)



Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath





## Ceist 14

Meaitseáil na frásaí agus na giorrúcháin Laidine thíos lena mínithe trí (✓) a chur sa bhosca ceart. Ná cuir tic ach i mbosca amháin i ngach cás.

## (a) ad nauseam

go leadhb leadráin

ag mothú tinn

ó neamhní




## (b) quid prō quō

margadh míchothrom

rud mar mhalairt ar rud eile

airgead



## (c) etc.

mar shampla

agus gach eile

agus gach ní




## (d) i.e.

um thráthnóna

ar maidin

is é sin



### Ceist 15

- (a) Sa tábla thíos tá sraitheanna focal Béarla a thagann ón bhfocal Laidine céanna. I gcás gach sraithe tabhair an focal Laidine (ainmneach uatha, ginideach uatha, inscne) agus a mhíniú. Tá an chéad cheann déanta duit mar shampla.

Sraith focal Béarla	Focal Laidine	Míniú ar an bhfocal Laidine
urban, suburb, urbane	urbs, urbis (b.)	cathair
aquarium, aquatic, aqueducts		
annual, anniversary, millennium.		

- (b) Scríobh focal **amháin** Béarla a thagann ón mbriathar Laidine seo:

crēdō, crēdere, crēdidī, crēditum (3) = creid

--

- (c) Scríobh **dhá** fhocal Béarla a thagann ón aidiacht Laidine seo:



magnus, magna, magnum = mór


- (d) Míniú conas a bhaineann míniú focail **amháin** Béarla a scríobh tú i bpáirt (b) nó (c) le míniú ar an bhfocal Laidine óna dtagann sé.


## Ceist 16

Meitseáil na híomhána seo lena mínithe thíos.

Scríobh uimhir gach íomhá sa tábla thíos taobh lena chur síos.



	ūna fēmina stat dum labōrat. togam praetextam senātōris in tetrinō facit.
	fēmina in hāc pictūrā est poēta, quī stilum et cēram suam tenet. aliquid scribere parat.
	fēmina prope virum, quī eam in mātirimōnium dūcit, stat. ea stolam longam gerit.
	circum fēminam ancillae stant. ūna crīnēs compōnit; aliae speculum et unguenta tenent.

## Ceist 17

Críochnaigh an sliocht a leanas le huimhir an fhocail chirt atá ar iarraidh ón liosta thíos a scríobh isteach i ngach spás bán. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.

Tá gach focal a bhfuil líne faoi liostaithe in ord aibítire sa ghluais foclóra thíos.



Fáinní pósta ón Róimh ársa

Sa sliocht seo cuirtear síos ar chineál pósta sa tSean-Róimh ar a dtugtaí *cum manū* (leis an lámh).

manus est 5. corporis, sed manus etiam erat nōmen generis nūptiārum. ubi fēmina virum cum manū nūpsit, ea in potestātem \_\_\_\_\_ vēnit et \_\_\_\_\_ potestāte patris vēnit. ubi fēmina virum nūpsit, \_\_\_\_\_ erat dominus eius et tōtam potestātem fēminae \_\_\_\_\_.

genus, generis (n.) = cineál

nūptiae, nūptiārum (b. iol.) = pósadh

manus, manūs (b.) = lámh

potestās, potestātis (b.) = smacht / cumhacht

nūbō, nūbere, nūpsī, nūptum (3) = pós

### Liosta Focal

1. vir
2. virī
3. ē / ex
4. habuit
5. **pars**

## Ceist 18

Tá na habairtí thíos bunaithe ar scéal Phlútóin agus Proserpina. Roghnaigh an rogha cheart chun an spás bán a líonadh trí (✓) a chur sa bhosca ceart. Ná cuir tic ach in aon bhosca amháin i ngach cás. Ná scríobh an freagra sa spás bán.

(a) in Siciliā est magnus \_\_\_\_\_ .

ager

agrī

agrūm



(b) Prōserpina cum \_\_\_\_\_ in agrō ambulābat.

amīcīs

amīcās

amīcae



(c) Plūtō, deus Tartarī, Prōserpinam \_\_\_\_\_ et rapuit.

vidēbit

vidēre

vīdit



(d) Prōserpina clāmāvit, sed amīcae eam nōn \_\_\_\_\_ .

audīvit

audīvērunt

audīvistī

(e) Plūtō Prōserpinam portāvit et per montēs \_\_\_\_\_ festīnāvit.

altum

altōs

altus

## Ceist 19

Tá na habairtí thíos bunaithe ar scéal Oirféas agus Eoraidicé. Roghnaigh an t-aistriúchán ceart ar na focail sa **chló trom** i ngach abairt thíos le (✓) a chur sa bhosca ceart. Ná cuir tic ach in aon bhosca amháin i ngach cás.

(a) Orpheus, quī erat **fortior** quam aliī virī, dē morte uxōris lacrimābat.

is cróga

chomh cróga le fir

níos cróga



(b) sine uxōre, **quam** multum **amābat**, vīvere nōn volēbat.

a dtugadh sé grá di

a thugadh grá dó

a thugann grá do

(c) Orpheus iter ad rēgnum Plūtōnis **celeriter** fēcit.

tapa

go tapa

níos tapa



(d) Plūtō Orpheō dīxit nunc **Eurydicēm** sēcum habitāre.

tá Eoraidicé agam.

cónaím le hEoraidicé.

chónaigh Eoraidicé leis.

(e) Plūtō tandem dīxit: “Eurydicē tēcum redīre **poterit**.”

féadfaidh

d’fhéad

féadann



## Ceist 20

- (a) Léigh an sliocht a leanas agus freagair na ceistanna thíos i nGaeilge.  
Tá na focail a bhfuil líne fúthu liostaithe in ord aibítire sa ghluais foclóra thíos.

Sa sliocht déantar cur síos ar an gcaoi a dtugtar Psyche go dtí teach a fir chéile nua Cúipid, agus ar an gcaoi ar fhreagair a deirfiúracha dá saol nua.



pater et mäter et sorōrēs Psȳchēm summō in monte relīquērunt. ventus Zephyrus eam ā monte ad terram portāvit. post breve tempus Psȳchē circumspectābat et domum magnam invēnit. Psȳchē hīc habitābat et erat laetior quam ūlla fēmina. nihil cupiēbat. Psȳchē domum et servōs et omnia bona habēbat. marītum tamen numquam vidēbat quod Cupīdō nocte veniēbat et eam ante prīmam lūcem relinquēbat.

prīmō laetissima erat, sed mox familiam vidēre iterum volēbat. ūnā nocte Psȳchē marītum rogāvit: “sorōrēsne meae mē vīsītāre possunt?” Cupīdō Psȳchēm multum amābat et postrīdiē Zephyrum duās sorōrēs ad Psȳchēm portāre iussit.

Zephyrus duās sorōrēs Psȳchis domum eius portāvit. Psȳchē sorōribus omnia sua ostendit. sorōrēs tamen, ubi domum atque servōs Psȳchis vīdērunt, invidae erant, quod vītā faciliōrem quam vītās eārum habēbat. sorōrēs multa rogābant: “es tū uxor laeta?” “quis est marītus tuus?” “marītum meum nōndum vīdī,” Psȳchē inquit.

Cupīdō, Cupīdinis (f.) = Cúipid

hīc = anseo

invidus, invida, invidum = formadach / éadmhar

iterum = arís

lūx, lūcis (b.) = solas / solas na gréine

marītus, marītī (f.) = fear céile

nōndum = ní go fóill

ostendō, ostendere, ostendī, ostentum (3) = taispeáin

postrīdiē = an lá dár gcionn

prīmō = ar dtús

Psȳchē, Psȳchis (b.) = Psyche

relinquō, relinquere, relīquī, relictum (3) =  
tréig / fág

ūllus, ūlla, ūllum = aon

uxor, uxōris (b.) = bean chéile

vīta, vītāe (b.) = beatha

Zephyrus, Zephyrī (f.) = Steifir,  
dia na gaoithe aniar

(i) Cá háit ar thréig teaghlach Psyche í?

--

(ii) Cá háit ar iompair an ghaoth Steifir Psyche?

--

(iii) Cén fáth a raibh Psyche níos sona ná bean ar bith eile? Tabhair **dhá** chúis.


(iv) Céard a d'fhiafraigh Psyche de Chúipid?


(v) Céard a d'ordaigh Cúipid don ghaoth Steifir a dhéanamh?


(vi) Cén fáth a raibh deirfiúracha Psyche in éad léi? Tabhair **dhá** chúis.


(vii) Cén cheist a chuireann deirfiúracha Psyche uirthi?


(viii) Céard a deir Psyche faoina fear céile?


*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(b)** Sna habairtí thíos cuirtear síos ar a dtarlaíonn ina dhiaidh sin i scéal Psyche agus a deirfiúracha. Léigh na habairtí agus roghnaigh an cur síos ceart gramadaí de na focail sa **chló trom** le (✓) a chur sa bhosca ceart. Ná cuir tic ach i mbosca amháin i ngach cás. Tá na focail ar fad a bhfuil líne fúthu liostaithe in ord aibítire sa ghluais foclóra thíos.

**(i)** sorōrēs dīxērunt, “marītus, **quem uxor numquam vīdit**, nōn est bonus.”

clásal ama

clásal coibneasta

frása réamhfhoclach

**(ii)** dīxērunt, “vātēs dīxit tuum marītum esse serpentem.”

briathar san infinideach

briathar sa mhodh ordaitheach

briathar san aimsir fháistineach

marītus, marītī (f.) = fear céile

uxor, uxōris (b.) = bean chéile

serpēns, serpentis (f.) = nathair nimhe

vātēs, vātis (f./b.) = oracal / fear feasa

**(c)** Bunaithe ar an sliocht i bpáirt **(a)** agus na habairtí i bpáirt **(b)** an dóigh leat go bhfuil deirfiúracha Psyche buartha fúithi i ndáiríre? Tabhair cúis le do fhreagra.




## Ceist 22

- (a) Aistrigh go Gaeilge an abairt seo, a thagann as an gcéad líne den *Aeinéid* le Veirgil.

arma virumque canō.

canō, canere, cecinī, cantum (3) = canadh faoi / scéal a insint faoi

- (b) Aistrigh go Gaeilge an abairt seo, ar leagan oiriúnaithe í de chur síos Veirgil ar Dhíodó, banríon na Cartaige.

dux fēmina factī erat.

factum, factī (n.) = gníomh / éacht

- (c) San íomhá seo taispeántar mana Laidine Chathair Luimnigh atá bunaithe ar líne cháiliúil as an *Aeinéid* le Veirgil. Aistrigh an mana Laidine seo go Gaeilge.



urbs antīqua fuit studiīsque asperrima bellī.

antīquus, antīqua, antīquum = ársa  
asper, aspera, asperum = fíochmhar

studium, studiī (n.) = scil / caitheamh aimsire

Ceist 23

Is éard atá sa sé logainm Béarla thíos ná leaganacha traslitrithe ar fhocail Sean-Ghréigise. Meaitseáil gach focal Béarla lena bhunlitriú Sean-Ghréigise trína litir a scríobh sa bhosca don fhocal coibhéiseach Sean-Ghréigise.

- |                 |                          |             |
|-----------------|--------------------------|-------------|
| (a) Asia        | <input type="checkbox"/> | Κολχικς     |
| (b) Ethiopia    | <input type="checkbox"/> | Περσεπολις  |
| (c) Colchis     | <input type="checkbox"/> | Εύρωπη      |
| (d) Europe      | <input type="checkbox"/> | Αίθιοπια    |
| (e) Mesopotamia | <input type="checkbox"/> | Μεσοποταμια |
| (f) Persepolis  | <input type="checkbox"/> | Άσια        |



(g) Scríobh ainm gach dé / bandé agus aibítir na Sean-Ghréigise in úsáid agat.

(i) Ouranos

(ii) Nyx

(iii) Gaia

## Ceist 24

Tá focail Bhéarla a thagann ón tSean-Ghréigis in Abairt A. Léigh Abairt A agus úsáid na focail i mBosca A chun na ceistanna a leanas a fhreagairt.

### Abairt A:

Astronomers use the technology of the telescope to see the cosmos, map galaxies and planets, while astronauts leave the atmosphere to explore space.

### Bosca A:

áστηρ, άστερος = réalt	ναυτης, ναυτου = mairnéalach	σκοπεω = féach ar
άτμος, άτμου = gal	νομος, νομου = dlí / riail/ ordú	σφαιρα, σφαιρας = meall /
γαλα, γαλακτος = bainne	πλανης, πλανητος = fánaí	cruinneog
κοσμος, κοσμου = cruinne		τεχνη, τεχνης = ealaín / scil / ceird
λογος, λογου = loighic / staidéar		τηλε = i gcéin

- (a) Roghnaigh focal **amháin** Béarla as Abairt A agus scríobh focal **amháin** Sean-Ghréigise óna dtagann sé i mBosca A.

Focal Béarla:
Focal Sean-Ghréigise:

- (b) Roghnaigh focal eile Béarla as Abairt A agus scríobh **dhá** fhocal Sean-Ghréigise óna dtagann sé i mBosca A.

Focal Béarla:
Focal Sean-Ghréigise 1:
Focal Sean-Ghréigise 2:

- (c) Is as an **dá** fhocal Sean-Ghréigise i mBosca A, άστηρ and λογος, a thagann an focal Béarla *astrology*. Céard is brí leis an bhfocal Béarla *astrology*, dar leat? Míneigh do fhreagra agus tagairt agat do bhríonna an dá fhocal Sean-Ghréigise **araon**.


**Ceist 25**

Meaitseáil na híomhánna seo de dhéithe agus bhandéithe lena dtuairiscí thíos.  
 Scríobh uimhir gach íomhá sa tábla thíos taobh lena chur síos.



	ó Zeus épi tou throneu kathizei, épei éstin ó των θεων βασιλευς. ó θεος τον κεραυνον έχει.
	ó του ήλιου θεος την μουσικην φιλει και κιθαριζει. ή αδελφη αύτου éstin ή Άρτεμις.
	έν τω ιερω τω Παρθενωνι éστι το μεγιστον άγαλμα της Άθηνης. ή θεα τα όπλα χρυσεια φερει.
	ή της σεληνης θεα τα ζωα φιλει και το τοξον φερει. ó αδελφος αύτης éstin ó Άπολλων.
	ó Αιδης éstin ó των νεκρων βασιλευς. ó Κερβερος ó κυων αύτου τρεις κεφαλαις έχει.

## Ceist 26

Sainaithin an t-aistriúchán ceart den fhocal nó den fhrása sa **chló trom** sna habairtí a leanas le tic (✓) a chur sa bhosca cuí. Ná cuir tic ach i mbosca amháin i ngach cás.

(a) **ὁ Ζεὺς πάντων ἦρξεν.**

Rialaíonn Séas

Rialóidh Séas

Rialaigh Séas

(b) **ἡ Ἀθηνῆ ἐστὶ σοφωτέρα ἢ ὁ Ἄρης.**

is críonna

níos críonna

críonna

(c) **ἡ Λητώ ἐστὶν ἡ τοῦ Ἄπολλωνος καὶ τῆς Ἄρτεμιδος μητῆρ.**

le hApalló agus le hArtaimís

chuiḡ Apalló agus chuiḡ Artaimís

d'Apolló agus d'Artaimís

(d) **οἱ θεοὶ πολλὰ κίς ἐν Ὀλυμπῷ συλλεγουσιν.**

ar

isteach sa

gar do

(e) **ὁ Αἰδῆς, ὅς ἐστιν ὁ υἱὸς τοῦ Χρονοῦ, δεινὸς ἐστὶν.**

a

dar

an rud

## Ceist 27

Baineann na habairtí a leanas le Sparta ársa. Cuir tic (✓) sa bhosca den fhoirm cheart a theastaíonn chun an abairt a chríochnú. Ná cuir tic ach i mbosca amháin i ngach cás. Ná scríobh na freagraí sa spás bán.



(a) οἱ Λακεδαιμόνιοι ἦσαν \_\_\_\_\_ ἀνδρειοτάτοι στρατιῶται.

τα

οἱ

αἱ

(b) αἱ γυναῖκες αἱ Λακεδαιμόνιοι ἐξεβαῖνον ἐκ \_\_\_\_\_ καὶ ἐγυμναζον.

τὴν οἰκίαν

τῆ οἰκίᾳ

τῆς οἰκίας

(c) ἐν Λακεδαίμονι οἱ \_\_\_\_\_ ἦσαν δύο βασιλεῖς.

ἀρχόντες

ἀρχῶν

ἀρχόντων

(d) ἐν τῇ Ἀγωγῇ ἔδει τοὺς παῖδας τὸν σίτον \_\_\_\_\_.

κλεπτουσιν

κλεπτῶ

κλεπτειν

(e) τὰ μεγάλα ὄρεα τὴν μεγαλήν πόλιν \_\_\_\_\_.

ἐφυλασσομέν

ἐφυλασσε

ἐφυλασσεσ

## Ceist 28

Léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna i nGaeilge. Déantar cur síos sa sliocht ar an gcaoi a dtosaíonn an lá do sclábhaí san Aithin ársa.

Tá na focail ar fad a bhfuil línte fúthu ar liosta in ord aibítire sa ghluais foclóra thíos.

ó δουλος προς την Ἀγοραν πρω βαινει, προτερον ὁ ἥλιος ἀνατελλει. ὁ δεσποτης τῷ αὐτῷ χρονῷ της ἡμερας ἐτι καθευδει και οὐκ ἐγειρει.

οἱ πολλοι Ἀθηναιοι δια της Ἀγορας, ἡ ἐστι παρα τη Ἀκροπολει, πολλακις βαινουσιν. ἐπει τας φωνας και τας βοας πολλων Ἀθηναιων ἐν τη Ἀγορα ἀκουει, ὁ δουλος δι’ ὀργης ἔχει. ὁ μεν δουλος πολυν χρονον οὐκ ἔχει, πολλα δε ἔργα ἔχει. ὁ δουλος παντα τον σιτον προς την οἰκιαν ὡς ταχιστα φερειν ἐθελει. αὐτος ἀπο του ἐμποριου τον σιτον συλλεγει και τον ἰχθυον και τον ἄρτον και τας ἐλαας. ὁ δε δουλος τα ἔργα παυει· αὐτῷ γαρ οὐκ ἐστιν ἄλις τα χρηματα και ἀνευ του τυρου και του κρεως οἰκαδε τρεχει.

ὁ μαγειρος ἀπο του δουλου τον σιτον λαμβανει, ἄλλα τον τυρον οὐχ εὕρισκει και λεγει· “ποῦ ἐστιν ὁ τυρος; δια τί οὐ φερεις τον τυρον;” ὁ μαγειρος δι’ ὀργης ἔχει, ἄλλα το δειπνον ὡς ταχιστα παρασκευαζει. ὁ δεσποτης προς την τραπεζαν βλεπει. ὁ δεσποτης οὐκ ἐστιν εὐδαιμων και λεγει· “ποῦ ἐστι τον ἔμον τυρον; συ εἶ κακος δουλος. εἰ μῆ γαρ ἔχω τον ἔμον τυρον, οὐχ οἶος τ’εἶμι ἐσθιειν ταυτην μεγαλην ἐορτην.”

ἄλις = dóthain

ἀνατελλω = éirím

ἀνευ + ginideach = gan

ἄρτος, ἄρτου, ὁ = arán

δι’ ὀργης ἔχω = éirím feargach

ἐγειρω = dúisím / éirím

εἰ μῆ = mura

ἐλαα, ἐλαας, ἡ = ológ

ἐμποριον, ἐμποριου, το = siopa

ἐορτη, ἐορτης, ἡ = féasta

ἰχθυς, ἰχθυος, ὁ = iasc

καθευδω = táim i mo chodladh

κρεας, κρεως, το = feoil

μαγειρος, μαγειρου, ὁ = cócaire

παρα + tabharthach = in aice leis

πρω = ar maidin

σιτος, σιτου, ὁ = bia

τραπεζα, τραπεζης, ἡ = bord

τυρος, τυρου, ὁ = cáis

ὡς ταχιστα = a luaithe is féidir

(a) Céard a dhéanann an sclábhaí ar maidin sula n-éiríonn an ghrian?


(b) Céard a dhéanann an máistir ar maidin sula n-éiríonn an ghrian?


(c) De réir an tsleachta, cá háit a bhfuil an tAgora suite san Aithin?

--

(d) Cén fáth a dtagann fearg ar an sclábhaí?


(e) Déan liosta de na jabanna a dhéanann an sclábhaí san Agora.


(f) Céard a choinníonn an sclábhaí óna chuid jabanna ar fad a dhéanamh?


(g) Céard a deir an cócaire nuair a fhilleann an sclábhaí?


(h) Cuir síos ar an gcaoi a bhfreagraíonn an máistir tar éis dó breathnú ar an mbord.


(i) Tógadh an abairt seo as an dara paragraf sa sliocht seo.  
Scríobh cás, inscne agus uimhir focail **amháin** sa chló trom.

ὁ μὲν δούλος **πολυ**ν χρόνον οὐκ ἔχει, **πολλα** δὲ ἔργα ἔχει.

πολυν:
πολλα:

## Ceist 29

Aistrigh an sliocht thíos go Gaeilge. Sa sliocht luaitear triúr laochra cáiliúla Chogadh na Traí, Aichill, Eachtar agus Patraclas. Tá na focail ar fad a bhfuil línte fúthu ar liosta sa ghluais foclóra thíos.



Aichill agus corpán Eachtair á tharraingt aige mórthimpeall bhallaí na Traí

ó men Άχιλλεύς ἦν ὁ μεγιστος των Ἑλληνικων στρατιωτων, ὁ δε Ἔκτωρ ἦν ὁ ἀνδρειοτατος των Τρωικων ἀνθρωπων. μετα τον θανατον του Πατροκλου, ὅς ἦν ὁ φιλος του Άχιλλεως, ὁ Άχιλλεύς δι' ὀργης εἶχε. ὁ Άχιλλεύς τῷ φιλῷ τιμωρειν ἠθελεν και εἶπεν·

“ὁ Ἔκτωρ ἀπεκτεινε τον καλον Πατροκλον, ὃν ἐφιλησα. ἐγῶ οὖν ἐκεινον τον Τρωικον δια της Τροιας διωξω. χρη γαρ ἔμε αὐτικα τον Ἔκτορα ἀποκτεινειν και τιμωρειν.”

αὐτικα = láithreach bonn

Άχιλλεύς, Άχιλλεως, ὁ = Aichill

δι' ὀργης ἔχω = éirím feargach

Ἔκτωρ, Ἐκτορος, ὁ = Eachtar

Ἑλληνικος, Ἑλληνικη, Ἑλληνικον = Gréagach

Πατροκλος, Πατροκλου, ὁ = Patraclas

τιμωρεω + tabharthach = imrím díoltas ar

Τροια, Τροιας, ἡ = an Traí

Τρωικος, Τρωικη, Τρωικον = Traíoch

φιλεω = tugaim grá do / gráim

### Ceist 30

Críochnaigh na ceisteanna thíos atá bunaithe ar Théacs A, arb í an scríbhneoireacht ón íomhá seo a léiríonn Aichill agus Ajax ag imirt cluiche díslí.

Tá na focail a bhfuil líne fúthu tugtha sa ghluais foclóra thíos.



**Téacs A:** Ἀχιλλεύς, “τετταρα φερω.” Αἴας, “δυο φερω.”

Αἴας, Αἴαντος, ὄ = Ajax

Ἀχιλλεύς, Ἀχιλλεύς, ὄ = Aichill

τετταρα = τεσσαρα

(a) Cuir tic (✓) sa bhosca taobh leis an ráiteas a thugann an míniú is fearr ar Théacs A, dar leat.

Deireann Ajax le hAichill gur chaith sé uimhir níos airde ná é.

Deireann Aichill agus Ajax lena chéile na díslí a chaitheamh arís don dara huair.

Tá Aichill agus Ajax ag insint dá chéile cén uimhir atá ar an díslí a chaith gach duine díobh.

(b) Cuir ticeanna (✓) sna boscaí chun aimsir, modh, pearsa agus uimhir φερω, an briathar i dTéacs A a chur in iúl. Ná cuir tic ach i mbosca amháin i ngach cás.

Aimsir	Modh	Pearsa	Uimhir
Láithreach <input type="checkbox"/>	Ordaitheach <input type="checkbox"/>	1ú phearsa <input type="checkbox"/>	Uatha <input type="checkbox"/>
Fáistineach <input type="checkbox"/>	Táscach <input type="checkbox"/>	2ú pearsa <input type="checkbox"/>	Iolra <input type="checkbox"/>
Gnáthchaite <input type="checkbox"/>		3ú pearsa <input type="checkbox"/>	
Éigríochta <input type="checkbox"/>			



## Adhmálacha

### Téacsanna

Ich. 10: Aistrithe ag Graham Tingay (1984). *Virgil: Selections from the Aeneid*. 7.803-817. Cambridge University Press: Cambridge, UK.

Ich. 20: Aistrithe ag Ian Johnston (2010). Homer. *Iliad* 3.121-132. Vancouver Island University: Nanaimo, BC, Canada. Accessed at: [http://johnstoniatexts.x10host.com/homer/iliad\\_title.html](http://johnstoniatexts.x10host.com/homer/iliad_title.html)

Aistrithe ag Katie Wan Winkle (2007). *Iliad* 22.437-476. Hapax Legomeno. Swarthmore College: Swarthmore, Pennsylvania. Accessed at: <https://www.swarthmore.edu/classics/andromache-iliad-22437-476>

### Íomhanna

Ich. 4: 1: [https://www.freepik.com/premium-vector/god-deity-wine-winemaking-fertility-ancient-greek-roman-religion-mythology-mythological-character-isolated-white-background-cartoon-vector-illustration\\_17610569.htm](https://www.freepik.com/premium-vector/god-deity-wine-winemaking-fertility-ancient-greek-roman-religion-mythology-mythological-character-isolated-white-background-cartoon-vector-illustration_17610569.htm)  
2: <https://www.pinterest.ie/pin/gods-and-giddesses--107945722308616959/>  
3: [https://www.freepik.com/premium-vector/father-gods-men\\_2851907.htm](https://www.freepik.com/premium-vector/father-gods-men_2851907.htm)  
4: <https://twitter.com/TheMythologyMa1/status/1356214576023539715>  
5: <https://blog360.com.br/deuses-do-olimp/>  
6: <http://clipart-library.com/clipart/124379.htm>

Ich. 6: íomhá A: <http://www.perseus.tufts.edu/hopper/artifact?name=Toledo+1972.55&object=Vase>

íomhá B: <https://www.gettyimages.ie/detail/news-photo/italy-pompeii-altar-of-the-temple-of-vespasian-1st-century-news-photo/1288511209?adppopup=true>

Ich. 8: [https://www.britishmuseum.org/collection/object/G\\_1843-1103-31](https://www.britishmuseum.org/collection/object/G_1843-1103-31)

Ich. 10: [https://feminaeromanae.org/Vergil\\_Camilla.html](https://feminaeromanae.org/Vergil_Camilla.html)

Ich. 12: [https://www.mozaweb.com/en/Extra-3D\\_scenes-Ancient\\_Roman\\_domus-12043](https://www.mozaweb.com/en/Extra-3D_scenes-Ancient_Roman_domus-12043)

Ich. 13: <https://twitter.com/clasicasieda/status/847851598789345280>

Ich. 14: A: <https://www.smithsonianmag.com/science-nature/best-ancient-world-180974094/>

B: <https://twitter.com/sbutcher2017>

C: <https://www.vogue.in/fashion/content/vogues-fashion-encyclopaedia-everything-you-need-to-know-about-the-bikini>

D: <https://no.wikipedia.org/wiki/Episkyros>

Ich. 17: <https://study.com/learn/lesson/greece-map-history-empire.html>

Ich. 18: [goodreads.com](https://www.goodreads.com)

Ich. 20: <https://ourmythicalchildhoodblog.com/>

<https://www.theguardian.com/film/pictures/image/0,8545,-10704917235,00.html>

Ich. 23: [https://en.wikipedia.org/wiki/Cork\\_Courthouse,\\_Washington\\_Street](https://en.wikipedia.org/wiki/Cork_Courthouse,_Washington_Street)

<https://ststephensgreenpark.ie/gallery/>

Ich. 26: <https://www.grammarly.com/blog/ad-nauseam/>

<https://www.brianmcadam.com/cropped-scales-of-justice-3-clip-art-at-clker-com-vector-clip-art-online-snjwyp-clipart-1-png/>

<https://www.shutterstock.com/search/et+cetera>

<https://www.pinterest.co.uk/pin/667025394800152634/>

Ich. 28: 1: <http://vroma.org/vromans/bmcmanus/spinning.htm>

2: <https://puzzlefactory.pl/en/puzzle/play/art/491809-roman-wedding-in-the-time-of-the-republic#9x13>

3: <https://www.historyextra.com/period/roman/hadrians-wall-what-life-like-roman-women-britain-artefacts/>

4: [https://upload.wikimedia.org/wikipedia/commons/e/e6/Fresco\\_showing\\_a\\_woman\\_so-called\\_Sappho\\_holding\\_writing\\_implements%2C\\_from\\_Pompeii%2C\\_Naples\\_National\\_Archaeological\\_Museum\\_\(14842101892\).jpg](https://upload.wikimedia.org/wikipedia/commons/e/e6/Fresco_showing_a_woman_so-called_Sappho_holding_writing_implements%2C_from_Pompeii%2C_Naples_National_Archaeological_Museum_(14842101892).jpg)

Ich. 29: [https://www.britishmuseum.org/collection/object/G\\_1917-0501-276](https://www.britishmuseum.org/collection/object/G_1917-0501-276)

Ich. 30: <https://www.pinterest.ie/pin/334040497353215938/>

<https://www.wikidata.org/wiki/Q20178094>

<http://mythdancer.blogspot.com/2015/06/demeter-persephone-and-hades.html>

Ich. 31: <https://www.gettyimages.ie/photos/Orpheus>

[https://www.wikigallery.org/wiki/painting\\_362591/Antwerp-School/Orpheus-Searching-Eurydice-In-The-Underworld-\(Met.-10-11-63\)](https://www.wikigallery.org/wiki/painting_362591/Antwerp-School/Orpheus-Searching-Eurydice-In-The-Underworld-(Met.-10-11-63))

<https://www.theawl.com/2017/05/to-hell-and-back-in-offenbachs-orphee-aux-enfers-overture/>

Ich. 32: <https://www.redbubble.com/people/kairii1989/works/12397350-psyche-on-a-cliff>

<https://womennart.com/2019/02/14/the-love-of-psyche-and-eros/>

<https://www.rct.uk/collection/402959/psyches-sisters-giving-her-a-lamp-and-a-dagger>

Ich. 35: <https://nl.pinterest.com/pin/370843350567434058/>

Ich. 36: <https://www.vectorstock.com/royalty-free-vector/coat-arms-limerick-city-in-munster-vector-32119521>

Ich. 37: <https://i.redd.it/6q1zjelq6iy61.jpg>

Ich. 39: 1: <https://thatmuse.com/2021/12/24/death-burials-funerary-vases-the-ancient-greek-way/>

2: <https://upload.wikimedia.org/wikipedia/commons/0/02/>

3: <https://ourmythicalchildhoodblog.com/>

4: <https://www.liquidsandsolids.com/dreams-of-god/>

5: <https://www.storynory.com/how-xxxxx-found-his-lyre/>

Ich. 41: <https://www.abc.net.au/cm/rimage/13778658-16x9-large.jpg?v=2>

Ich. 44: [https://www.history.com/.image/t\\_share/MTU3ODc5MDg1ODk0MDgzOTEz/achilles-hero.jpg](https://www.history.com/.image/t_share/MTU3ODc5MDg1ODk0MDgzOTEz/achilles-hero.jpg)

Ich. 45: <https://collections.mfa.org/objects/153522>

Ná scríobh ar an leathanach seo

#### **Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraíthe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

## Na Clasaícaí

Dé hAoine 16 Meitheamh  
Tráthnóna 1:30 - 3:30